

**RIALACHÁN (AE) 2021/1245 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 23 Iúil 2021**

**lena bhformheastar leasú ar an tsonraíocht a bhaineann leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint  
nó an tásc geografach faoi chosaint (“Coteaux du Pont du Gard” (TGFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 99 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint “Coteaux du Pont du Gard” a chuir an Fhrainc ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (2) D’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar fhormheas ar leasú ar an tsonraíocht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(2)</sup>, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (3) Níl aon ráiteas agóide faighte ag an gCoimisiún faoi Airteagal 98 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas i gcomhréir le hAirteagal 99 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margáí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Coteaux du Pont du Gard” (TGFC), is leasú é atá formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO C 112, 30.3.2021, lch. 2.